

## Introduction & Contents

The songs and stories you will find here were found in files left by Padraig O Meara. So too was the Irish novel The Young Detective or An Bleachtaire. Rather than throw the songs and stories out, they have been amateurly corrected. Perhaps, you can correct or add a verse? If you can e mail the corrections to [info@omearacamping.com](mailto:info@omearacamping.com) I'll happily edit the same. As many of the stories are in Irish they could be e mailed onwards.

An Bleachtaire.....	3
An Tóir .....	5
Botún Mór .....	7
Dúnmharú Sa Choill.....	10
An Phluais san Oileán.....	13
Spota ag Obair.....	17
Clann Na hÉireann.....	19
Ar An Sean Ród .....	20
Óró Sé do Bheatha 'Bhaile.....	21
A Nation Once Again.....	22
Nead Na Lachan Sa Mhúta .....	24
Ó Teighridh Liom .....	25
Glory O! To The Bold Fenian Men.....	27
Sailing in the Lowlands Low .....	28
An tAmhrán Náisiúnta .....	30
An Habit Shirt.....	31
Loch Lomond .....	32
Let Him Go Let Him Tarry .....	33
Is Maith An Bean Mhuire Mhór .....	35
Sliabh na Mban .....	36
Na Connerys.....	38
Iníon an Fhaoit' ón nGleann .....	39
Is a Mhaimí Nach tú an Cladhaire .....	40
Mise 'Gus Máire .....	41
A Rí Na Glóire.....	42
Ar nAthair (as "Aithri Sheain De Horda) .....	43

Aréir is mé ag machnamh .....	44
Fáilte Romhat a Rí na nAingeal .....	45
An Binsín Luachra.....	46
Ar Éirinn Ní Neosfainn Cé Hí.....	47
Tórramh an bhairille .....	48
Offig Na Seachtaine .....	49
Bruach na Carraige Báine .....	50
Ainnir Charraig na Siúre.....	51
Cailín O Cois tSiúire.....	51
Seán 's a Bhríste Leathair .....	52
A Street Ballad.....	53
The Bold Fenian Men.....	55
Skibereen.....	56
The Mountains Of Pomeroy .....	57
Song of The Dawn Song Words/ A song of Roisin Dubh.....	59
An Londubh is an Chéirseach .....	60
An Páisdín Fionn.....	61
An tAmhráinín Síodraimín .....	62
Báidín Fheidhlimidh/ Báidín Fheilimí .....	63
Carrighdoun .....	64
Cóilín .....	65
Follow me up to Carlow.....	66
Ghach Saghas De Chuile Shórt .....	68
God Save Ireland.....	69
Irelands Hurling Men .....	71
Lá le Pádraig (1959)?.....	72
Ó Bhean a Tí .....	73
Ó Labhramís Gailge .....	74
O Shed a Tear .....	75
On The One Road.....	76
Rince Philib a'Cheoil .....	77
Seolaimís ar Bharr na dTontracha.....	79
Step Together .....	80
The Croppy Boy.....	81
The Memory of the Dead.....	83
The Mountainy Men .....	85
The West's Asleep .....	86

# An Bleachtaire

Tráthnóna breá samhraidh, bhí Séamas Ó Néill ina suí taobh amuigh de dhoras tí a mháthar. Ba bhuachail óg é Séamas gur ghnáth leis bheith meidreach geal-gháireach. An tráthnóna úd, ámh bhí cuma an bhróin air. Ba bheag í an tsuim a bhí á cur aige i gceol binn na n-éan dtúnmhar, ná i gcrónán na mbeach saothrach a bhí le clois ins gach áit. Bhí sé ansúd ina shuí ar bhloc adhmaid, a cheann búiilte faoi aige, agus cuma an bhróin ar a aghaidh.

Sea, agus ní gan údar do bhí an brón ar an mbuachaill bocht an tráthnóna breá sin. Seo mar bhí an scéal aige. Bhí Séamas agus a mháthair dhíllis ina gcónaí i dtigh beag deas ar thaobh an bhóthair, timpeall míle siar ón bhaile mhór Aonach Urmhún. Ní raibh ann ach an bheirt acu. Bí an t-athair marbh le dhá bhliain. Fhaid is bhí an t-athair beo bhí saol breá compórodach acu go léir, mar bhí post maith ag an bfeair sa bhaile mhór. Ach, nuair fuair sé bás, ba thrua é cás na beirte a fágadh ina dhiaidh. Bhíodar bocht, an-bhocht.

“Ó, mo léan,” arsa Séamas léis féin, an tráthnóna breá úd. “Mo léan, nach bhfuilim fásta suas im’ fhear! Bheinn i ndon airgead a sholáthar dom : mháithrín, agus ní bheadh si bocht mar tá sí!”

“Mo léan, nach bhfuilim mór!” ar seisean arís. “Bheadh mé i ndon rud éigin fóna a dhéanamh, agus ní bheadh an scéal chomh dona agus tá sé,” agus difhéach sé siar uaidh go dubhach dobrónach.

Is ansan a thug sé fé ndeara bean agus buachaill óg ag teacht aniar an bóthar. Bean ard dathúil, agus buachaill beag a bhí chomh mór leis féin a bhí ann. Ní raibh fhios aige cérbh iad. Ní fhaca sé riamh iad.

Go hobann chonaic sé gluaisteán mór ag teacht anoir an bóthar go mear. Bhí an-luas fé. Tháinig sé chomh fada leis an mbeirt. Stad sé. Léim fear amach. Rug sé ar an mbuachaill. Isteach leis an bhfeair ins an ngluaisteán agus an buachaill á iompar aige. Chuir an tiománaí an gluaisteán ar siúl; agus i bpreab na súl bhí sé imithe as radharc, agus gan le féiscint acht Smúit an bhóthair mar scamail ina dhiaidh.

D’fhan Séamas ina shuí, gan cor as. Níor fhéad sé seasamh, ná labhairt leis an ngeit a baineadh as - go dtí gur chuala sé an mháthair ag béiceadh agus ag caoineadh. Tháinig sé chuige féin ansan; léim sé ina sheasamh, agus rith sé go dtí í.

Ba thrua leat í. Bhí sí ag gol is ag caoineadh go géar, agus í i riocht titim le neart an bhroin agus an bhriseadh-chroí a bhí uirthi.

“Ó, an bhuachaill óig,” ar sise, nuair chonaic sí an buachaill, “rith go dtí an bheairic. Tá gadaithe tar éis mo mhaicín dílis d’fhuadach uaim. Rith agus inis an scéal do na gardaí, agus abair leo, as ucht Dé .....”

Níor chuala Séamas a thuilleadh. Bhí sé ag rith go dtí an bheairic cheana féin ar nós na gaoithe. Geallaim duit nach raibh sé i bhfad ar an mbóthar. Is beag nár leag sé an sáirsint a bhí ina sheasamh ag doras na beairice, rith sé isteach chomh tréan sin.

"Féach, a bhuachaill" arsan sáirsint ag breith ar Shéamas. "An ar meisce atá tú, nó an amhlaidh atá tarbh ar do thóir? Ná leag an bheairic, pé rud é. Beidh sé ag teastáil uainn arís."

"Ó, a Shairsint," arsa Séamas, agus giorr-anál air, "brostaigh ort. Tá gadaithe tar éis buachaill a bhreith leo i ngluaisteán agus tá ..... \*

"Eist, a mhic," arsan sáirsint, go borb. "Cad tá tú á rá? Ní hamhlaidh a tá tú ag iarraidh bob a bhualadh orm." agus d'fhéach sé ar Sheamas go hamhrasach. Ach, nuair a chuala sé an scéal, go léir, bhí fhios aige go raibh sé fíor, agus bhrostaigh sé chun gníomha.

Chuaigh sé chun an ghutháin, agus thóg ina lámh é. Bhí Seamas taobh leis ag tabhairt cuntais iomláin dó ar an scéal.

Labhair an sáirsint isteach ins an nguthan.

"An sáirsint o Ceallaigh ag caint," ar seisean. "Éist. Fadaíodh garsún óg leathuair ó shin - sea - Beirt fhear i ngluaistean mor - cad é? Níl an uimhir nó an dath agam. Sea. buachaill óg timpeall dhá bhliain déag.d'aois. Gruaigh dhubh, briste bán, léine bán - gan aon chóta, bróga boga bána air. Fuadach atá déanta cinnte; agus is cinnte ná sin gurb é Séan Ó Briain, An Teach mór, An Gleann Doimhin, a fuadaíodh. Deirtear go bhfuil carn airgid ag a mháthair. Sea. Stoptar gach gluaistefn...Cad ? . Ní fhios aige ..... Fan" Cheistigh sé Séamas, Bhí an tiománaí gan hata, agus bhí gruaig rua alr. Sin an méid."

"Rith abhaile anois," arsa an sáirsint le Séamas, "cuirfidimid in iúl dona bithúnaigh seo nach in America atá siad."

Ghlaoigh sé ar na Gardaí, agus chuaigh sé i gcomhairle leo. Bhí an ceart ag an sáirsint ó Ceallaigh. Ba Seán Ó Briain a fuadaíodh. Mí roimhe sin cheannaigh Bean Uí Bhriain, máthair Sheain, an Tig mór, tigh breá álainn atá suite i lár coille, gáirdíní de gach saghas timpeall air. Baintreach dob ea Bean uí Bhriain, agus ní raibh de chlainn aici ac an t-aon mhaicín amháin, Seán. Chaith sí cuid dá saol in America. Is ann do phós sí Liam Ó Briain, an millúnaí Americánach. Is ann do rugadh a mhac; ach nuair fuair a fear bás, shocraigh sí go dtiocfadh sí anall go hÉirinn arís, chun saol ciúin sonasach a bheith acu araon. Agus féach anois iad. An buachaill bocht imithe, agus gan a tháisc ná a thuairisc le fáil.

## An Tóir

Nior chaill na Gardaí aon am ag dul ar thóir na mbithiúnach. Stopadh gach gluasteán. Stopadh agus ceistíodh gach stráinséar. Tugadh gardaí agus bleachtairí maith isteach ó áiteanna eile, agus cuardaíodh gach uile chúinne den cheantar. Fuarthas an gluasteán agus e briste i smidirini i sean-choiréal, ag bun Cnoic Bhlin. Ach ní raibh lorg na mbithiúnach, nó lorg na bhuachalla a fuadaíodh, le fáil in aon áit.

D'imigh lá. D'imigh dhá lá. D'imigh trí la. Bhí an ceantar dubh le gardaí is bleachtairí, iad ag obair gan stop gan staonadh; ach theip orthu glan táisc nó tuairisc an bhuachalla d'fháil. Bhí sé imithe amhail is dá slugadh an talamh é.

Ba thrua leat an mháthair bhocht. Bhí sí as a meabhair, beagnach, le neart an bhróin is an bhriseadh croí a bhí uirthi. Gheall sí suim mhór airgid don té a thabharfadh a mhaicín ar ais chuici slán arís. Ach dimigh an ceathrú la; d'imigh an cúigiú lá; agus ní raibh scéal ar bith le fáil a inseodh go raibh Seán Óg Ó Briain ar dhroim an domhain seo.

Ar maidin an séú lá, fuair Bean Uí Bhriain litir. Ní raibh aon stampa uirthi, cé go dtáinig sí tríd an bpost, agus is í gan litreacha mora bhí sé scríofa chun scríbhneoireacht an té a scríobh í a cheilt. Doscaíl sí, agus a lámha ar crith. Seo leanas a bí inti:

"Tá do mhac slán. Tabharfar thar n-ais chugat é, ach £10,000 punt d'íoch. Fá g an t-airgead í nótaí i reilig na Cille Móire tráthnóna Dé Domhnaigh ar a 10 a chlog, ag bun an chrainn darai. Má insíonn tú tada dé seo do aon duine, nó má dheineann tú iarracht chun breith orainn, cuirfead do mhacín chun báis láithreach. Muna mbíonn an £10,000 i Reilig na Coille móire tráthnóna Dé Domhnaigh - ní fheicfidh tú do mhac arís go deo".

*"(Sinithe),"*

Is beag nár thit Bean Uí Bhriain i laige nuair léigh sí an litir. Bhí áthas agus uafás uirthi.

Áthas toisc go raibh a mac slán, uafás toisc go raibh sí i ngreim bithiúnach. £10,000 Thabharfadh sí gach uile phingin dá raibh aici a mhaicín d'fháil ar ais arís, agus ba bheag aici an £10,000 céanna, óir bhí sí an-shaibhir ar fad.

Ach ní raibh an scéal chomh simplí is d'fhéach sé. Ar an gcéad dul síos, conas a bhéadfadh sí an t-airgead a fháil; agus dá mbeadh an t-airgead faighte aici, ní raibh aon deimhniú aici - ach focal bithiúnaigh - go gcuirfí a mhac dlílis abhaile chuici slán. Bhí sí i gcruachás, cinnte. Ghlaigh sí ar a cailín aimsire agus chuir sí fios ar Peadar ó Riain, an sean gharradóir a bhí aici le obair na ngáirdín a dhéanamh. Ní raibh sé ina seirbhís ach le cúpla lá.

Ba ghearr go raibh Peadar sa seomra. Sean-fhear do ea é, de réir dealraimh. Bhí féasóg fhada liath air, agus bhí sé bacach; ach sé an rud is mó a thabharfá faoi ndeara, agus ta ag féachaint air, ná na súile beodha a bhí ag léimnigh ina cheann.

Shín an bhean an litir chuige, gan focal a rá. Léigh Peadar é. Léigh sé arís é. "Hmph." ar seisean go borb. "Na bithiúnaigh. Tráthnóna Dé Domhnaigh. Tá trí lá againn." agus thosnaigh sé ag siúl síos suas an seomra - ach anois ní raibh sé bacach ná cromtha.

Is beag duine a aithneochadh Seán Ó Buachalla fé bréagriocht Sheáin Uí Riain, lena fhéasóig liath is a ghruaig bhréige. Seán Ó Buachalla a bhí ann, an bleachtair ba chliste dá

raibh sa tír. Fear óg láidir aicillí, agus é ag ligint air gur sean-garradóir é. Ní raibh éinne sa cheantar go raibh fhios a rúin aige. Muna mbeadh Seán Ó Buachalla ábalta breith ar na bithiúnaigh, is an buachaill a shábháil, ní fhéadfadh éinne é a dhéanamh.

"Na bithiúnaigh." arsa Peadar arís trína fhiacra. "Trí lá. Is féidir a lán a dhéanamh taobh istigh de thri lá. Ná habair aon rud fé seo le héinne. Fág fúm-sa é," agus d'imigh sé amach. Chomh luath is shroich sé an doras, lig sé air arís go raibh sé bacach, cromtha, lag; agus ní aon duine beo a cheapadh gur bleachtair iontach é, agus fuadar fé.

## Botún Mór

Ní hiad na gardaí agus na bleachtairí amháin a bhí ar thóir na mbithiúnach. Bhí gach máthar san áit ar a dtóir. Ach ní raibh a lorg le fáil in áit ar bith.

Agus bhí Séamas sa tóir leis. é féin agus a mhadra "Spota. Bhí eolas ag Séamas ar gach poll is pluais sa cheantar, agus chuardaigh sé féin agus Spota iad go léir Sea, agus choimeád siad súil ar gach stróinséar ar eagla go mbeadh droch-fhuadar ar dhuine ar bith acu.

Tráthnóna Dé hAoine, chuaigh Séamas agus Spota suas fé na cnocaibh. Bhí bata ina lámh ag Séamas agus bhí port ar a bhéal. Suas, suas leo, go dtí gur tháinig siad go dtí bun Sliabh Comailt. Tá a lán pluais ag bun an tsléibhe seo, agus bhí socair ag Séamas iad go léir a chuardach. Bifhéidir go mbeadh Seán i bpríostin i gceann acu.

Bhí an tráthnóna go haoibhinn. Bhí gach áit ciúin, agus ní raibh duine ar bith le feiscint. Tháinig siad go dtí pluais mhór go raibh sceacha ac fás ag a béal. Bhí Séamas an-neirbhiseach, agus níor chuaigh sé isteach ins an bpluais go dtí gur chuardaigh Spota an áit. Ach ní raibh duine ar bith le feiscint.

Chuardaigh Séamas agus an madra pluais eile. Ní raibh éinne inti. Chuardaigh siad pluais eile, agus pluais eile fós. Ní raibh lorg duine le feiscint in áit ar bith.

Bhí an dorchadas ag titim fé seo, agus bhí Séamas ar tí dul abhaile nuair a thug sé faoi ndeara go raibh pluais mhór eile ag bun carraige a bhí in aice leis. Chuaigh sé i dtreo na pluaise. D'fhéach sé isteach. Go hobann baineadh geit as. Chuala sé glór. Chúinigh sé Spota. Déalaigh sé isteach ins an bpluais tamailín.

Chuala sé glór arís. D'fhéach sé thar cúinne a bhí i mbéal na pluaise. Léim a chroí suas ina bhéal. Bhí fear ina lui ar an talamh. Bhí sé ag srannadh go hárd. Sa lag-sholas chonaic Séamas go raibh gruaig rua air .... Duine de na bithiúnaigh? Agus é ina chodladh.

Is beag nár thit Séamas leis an ngeit a baineadh as. Bhí a chroí ag léimrigh ina ucht, agus bhí gach ball dá chorp ar crith. Bhí sé i gcruachás, cinnte. Ar cheart dó iarracht a dhéanamh chun an gadál a ghabháil ar an bpointe? D'fhéadfadh sé é a dhéanamh lena bhata agus le cabhair ó Spota. Bhí Spota láidir, agus bhí croi leoin ann.

Ach cá raibh an dara gadaí ? Níos sia siar sa phluais, is dócha. Bheadh gunna aige, cinnte. Dá dtagadh sé i gan fhios agus Séamas i gcomhrach leis an bhfear rua, bheadh gach rud millte. Gabhfaí Séamas, agus ní bheadh fhios ag éinne cà raibh sé nó cá raibh Seán. Sea/ B'fhear dhó dul agus cabhair a fháil ó na gardaí.

D'éalaigh sé siar as an bpluais, gan fuaim dá laghad a dhéanamh, Spota ar a shálaibh, agus é níos ciúine fós ná a mháistir. Nuair bhíodar as radharc na pluaise, as go bráth leo ar nós na gaoithe go dtí an bheairic.

Is beag nár mairbh Séamas é féin le neart reatha, agus nuair shroich sé an bheairic ní raibh sé i ndon caint go ceann tamailín. Nuair thanig sé chuige féin, d'nis sé an scéal go léir don sáirsint.

Níor fhan an sáirsint leis an dara insint. Ghlaoigh sé ar ceathrar gardaí. Léimeadar isteach i ngluaisteán agus agus d'imigh siad ar luas tintrí i dtreo sliabh Comailt. Thug siad Séamas in

éineacht leo chun iad a threorú chun na pluais; ach fágadh Spota go huaigneach ina ndiaidh.

Stopadh an gluasteán leath mhíle ón bpluais. Bheadh orthu dul as sin tríd na páirceanna. Níor fhan siad le torann a gcos agus iad ag imeacht. Bhí Séamas chun tosaigh, agus é ag rith ar nós giorria. Threoraigh sé iad ar shlí nach mbeadh radarc ón bpluais orthu go dtí go mbeadh siad cúpla slat uaithi.

Stadadar i gcoil bhig a bhí céad slat ón bpluais, agus shocraigh siad ar phlean. Ní raibh ach slí éalaithe amháin on bpluais. Cuireadh beirt gharda ag cosaint an tslí sin, agus dhein Séamas agus na gardaí eile ar an bpluais féin agus iad ag siúl ar bharr a gcos. Shroich siad béal na pluais. D'éalaigh siad thar an lúb a bhí ann. D'fhéach siad isteach go haireach, a gcroí ina mbéal acu. Bhí an phluais an-dhorcha, agus níor fhéad na gardaí ná Séamas aon rud d'fheiscint ar dtús. Ach chuala siad an sranadh árd; agus nuair a chuaigh siad i dtraith na háite, thugadar duine fé ndeara, agus é ina luí ar an dtalamh cúpla slat uathu.

D'éalaigh beirt gharda isteach. I bpreib na súl bhí an fear gafa, agus ceangail na gcúig gaol air. Ní raibh caoi aige hum nó ham a chur as, mar chaith duine de na gardaí cóta ar a cheann. Tugadh amach é, agus fágadh ina luí ar an dtalamh é; agus d'fhan garda leis chun deimhin a dhéanamh de nach n-éalodh sé uatha. Dhein an triúr eile réidh leis an dara gadaí a ghabháil.

Isteach ins an bpluais leo arís; Séamas á leanúint go heaglach. Bhí an áit chomh ciúin leis an reilig, agus bhí cúl na pluais chomh dubh le pic. Ní raibh fuaim le cloisint. Ní raibh tada le feiscint. An amhlaidh do bhi an gadaí eile ina chodladh leis? Agus Seán, cá raibh seisean?

Go hoban gheit gach duine den cheathrar. Cloiseadh fuaim mhór. Rud mór éigin ag ag bualadh i geoinne taobh na pluais. Bhí sé ag teacht ina dtreo, ag rith le fána. Lig an sáirsint béic uafásach as, agus thug sé léim chomh hard as a chabhail gur bhuail sé barr a chinn go láidir i gcoinne na pluais. Ar an bpointe, las sé an lampa aibhléise a bhí ina lámh aige. Cloch mhór mhillteach a bhí tar éis an sáirsint a bhualadh sa chois chlé. Bhí an chloc ró mhór le caitheamh. Cé bhog é? An gadaí eile, cinnte. An amhlaidh a bhí sé ag iarraidh na gardaí a mharú, nó an amhlaidh a bhog sé an chloch agus é ag éaló ar shlí nach raibh ar eolas ag na gardaí?

Ní raibh tada le feiscint, cé gur chaith an sáirsint solas an lampa ar gach carraig is cloch, ins gach poll is cúinne.

Éist fuaim istigh ar thaobh na lámhe clé. Bhí pasáiste ansan. An fhuaim arís. Rith na gardaí ar aghaidh, lampa an tsáirsint ag líonadh na pluais le solas. Isteach leo ins an bpassáiste. Deirim leat nach raibh coinne acu leis an radharc a chonaic siad.

Ar cúl na pluais, ar thaobh na lámhe deise, bhí pasáiste mór. Istigh sa phasáiste seo bhí an "gadaí fíochmhar a dhein an fothram is a leag an chloch - sean-asal mór bán, agus é ag iarraidh a shlí a dhéanamh idir na clocha mora a bhí leagtha ar urlár na pluais. Sean-asal mór bán. Sea. Agus d'aithin gach duine dá raibh sa phluais an sean-asal céanna. Ceann mór granna; cluasa a bhí chomh mór le plaincéad; spota mór dubh ar an gcliathán



clé. Sea “Bill” a bhí ann. “Bill”, asal Liam Bhacaigh - agus an diabhal ag caochadh súil ar na cuairteoirí. Lig an sáirsint srúthán mallacht as.

D’iompaign sé ar a shálaibh agus rith sé amach as an bpluais. Chuaigh an dream eile ina dhiaidh, iad ag titim, is á ngortú féin sa dorchadas, i gcoinne na gcloch a bhí sa tslí. Bhi fhios acu cad a bheadh le feiscint amuigh. Níor theastaigh solas lampa an tsáirsint uathu chun bheith cinnte dhe nach gadaí a bhí gafa acu, ach sean-Liam Bacach - duine le Dia a bhíodh ag taisteal na tíre ar a shean-asal, “Bill”. Liam bocht fear nár ghortaigh cuileog lena shaol. Liam bocht macánta go raibh gach duine cineálta leis.

Ní raibh fhios ag Liam cad a bhí bun-os-cionn leis an saol. Bhí sé ar buile, nuair thuig sé go raibh sé gafa. Agus bhí na gardaí ar buile leis. Is amhlaidh gur cheap siad go raibh Séamas tar éis bob a bhualadh orthu; agus níor dheas iad na hainmeacha a thug siad air. Bhog siad na ceangail a bhí ar Liam, agus ciúinigh siad é sa deireadh le cabhair cúpla punt ansin dimigh siad abhaile agus fearg i gcroí gach duine acu - bhi fhios acu go mbeadh gach mac máthar sa chontae ag magadh fúthu lá ar na mhárach.

Agus Séamas bocht. Bhí an náire á thachtadh. Ní raibh rud ar domhan a b’fhearr leis ná go dtitfeadh sé sios tríd an dtalamh ar an bpointe. Bheadh sé ina cheap magaidh ag buachailli na tíre de dheasca oibre an lae sin. Ach bhí an roth ag casadh i gan fhios dó; agus bhí eachtraí roimhe amach a scaipfeadh an náire is a d’ardódh a chroí arís.

## Dúnmharú Sa Choill

D'éirigh Séamas go moch lá árna mhárach. Níor chodail an buachaill bocht in aon chor. Is amhlaidh do bhí sé ag smaoineamh ar an mbotún mór a bhí déanta aige, agus ní ligfeadh an náire dhe titim ina chodladh. D'ith sé bhricfeasta eadrom : cupán tae agus blúire aráin. Thug sé píosa feola do Spota. Chuir sé píosa arán ina phóca, agus dimigh sé leis, a bhata breá láidir ina lámh aige, agus Spota lena chois. D'fhág sá nóta beag ar an mbord á insint da mháthair, nach raibh ina suí fós, go raibh sé ag dul ag lorg Seáin arís agus gan bheith imníoch ina thaobh. Leis an bhfrinne a rá, níor mhaith leis bheith sa bhaile an lá sin ar eagla go mbeadh na comharsain ag gáirí fé.

I dtreo an locha dimigh sé. Bhí sé cinnte nach raibh Seán ná na bithiúnaigh in aon áit i measc na gcnoc. B'fhéidir go mbeadh pluais nó poll in aice leis an loch ina mbeadh na bithiúnaigh i bhfolach.

Shiúl sé leis go dtí gur shroich sé bruach an locha, in áit ina raibí coill bheag ag fás. Ar an dtaobh dheas den choill bhí an talamh réidh, cothorm, á íslíú féin chun an locha; ar an dtaobh chlé bhí cnoca beaga ag éirí i ndiaidh a chéile, suas, suas, go dtí gur shroich siad na sléibhte; agus bhí na chnoca sin clúdaithe le sceacha is le haitinn. Áit mhaith le héaló ó lucht an dlí. Shiúil Séamas i dtreo na coille, agus é ag baint aoibhnis as datha iontacha an locha a bhí le feiscint tríd na crannaibh i mochsholas na gréine. Ní raibh duine le feiscint in áit ar bith; agus ní raibh le cloisint ach ceol na n-éan is cronán na mbeach a bhí ag bailiú meala ós na mílte bláth a bhí ag fás ins gach uile áit.

Go hoban stad Spota, a bhí chun tosaigh amach; agus chuir cluas air le héisteacht. Rith Séamas go dtí an madra, agus é ag féachaint go géar ar an áit go raibh súile an mhadra dirithe air. Ar dtús ní raibh tada le feiscint; agus ní raibh fuaim as an gcoitiantacht le cloisint. Ach go hobann chualathas glór. Guth fir: "Lámha suas, Go tapaidh." Secund ina dhiaidh sin léim fear thar sceach. Chualatlas pléascadh guna. Chualathas corp ag titim ar an dtalamh. Chualathas coiscéimeanna ag rith tríd an gcoill..... agus ansan, ciúnas arís.

Is beag nár thit Séamas le neart scanraich nuair a chuala sé pléascadh an gunna is titim an choirp is fothram na gcoiscéim ag rith tríd an gcoill. Ach ina dhiaidh sin is uile, ba mhisniúil an buachaill é Séamas. Smachtaigh sé an scanradh a bhí ina chrol istigh; agus rith sé go dtí an áit inar thit an duine.

B'uafásach an radharc a chonaic sé. Sínte fé chrann daraí bhí corp fir. D'aithin Séamas an aghaidh fhéasógach a bhí chomh bán leis an sneachta. An sean-gharradóir, Peadar ó Riain, a bhí ag obair ag Bean Uí Bhriain. Peadar bocht; é sínte ansan fén gcrann, a dhá lámh caite amach uaidh ar an bhféar a bhí fliuch le drúct na maidne; agus an fthuil dhearg ag rith síos o chréacht a bhí ar thaobh a éadain.

Marbh? B'fhéidir nach raibh sé marbha Chrom Séamas síos, agus chuir sé a lámh dheas ar ucht Pheadair. bhí an crol ag bualadh. Bhí an beatha i bPeadar; ach má bhí féin ba bhaolach an riocht ina raibh sé.

D'fhéach Séamas timpeall, féachaint an mbeadh aon duine sa chomharsanacht a thiocfadh ar an bhfear gonta. Ní raibh duine le feisceint agus ní raibh tigh daon tsaghas, beag ná mór le feiscint ach oiread

Bhí an buachaill i gcruachás; ach dhein sé a dhicheall an cruachas a réiteach. Bhí ciarsúr ina phóca aige. D'fhliuc sé é i srután a bhí in aice leis, agus ghlan éadan Pheadair, Ansan d'fháisc sé an ciarsúr ar éadan an fhir bhoicht. Ní raibh cor as Peadar le linn na hoibre go léir.

Nuair bhí gach a raibh ar a chumas déanta ag Séamas, shocraigh sé ar dul go dtí an sráidbhaile chun an sagart is na gardai d'fháil. Geallaim duit nach raibh sé ro-fhada ar an mbóthar. Dhúisigh sé an tAthair Seán i dtosach; agus ansan rith sé go dtí an bheairic. Bhí an sáirsint agus beirt gharda agus bleachtair sa bheairic roimhe, Dinis Séamas a scéal dóibh, agus ní bréag a rá gur bhain sé geit astu.

Cheistigh an sáirsint go cruinn é. Cá raibh an áit: Cathain a thit sé amach? An raibh sé cinnte gurbh é Peadar Ó Riain a bhí gortaithe? Ar aithin sé na bithiúnaigh? Na ceisteanna sin agus a lán ceist eile nach iad. D'fhreagair Séamas iad, ag tabhairt gach píosa eolais dá raibh aige.

"Athiarcais" ars an sáirsint nuair bhí criochnaithe ag Séamas. "Nach iad na hamdáin iad na bleachtairí príomháideacha seo millean siad gach aon rud. Tá na bithiúnaigh scanraithe anois, agus ní fheicfear go deo arís iad. Sea libh, a fheara, ar aghaidh linn, go bhfeicimid cad is féidir dúinn a dhéanamh. B'fhéidir nach bhfuilimid ró-dhéanach fós".

Chuaigh an sáirsint i mbun oibre gan morán ama a chailliúint. Dhúisigh sé an feadhannach Ó Néill, agus diinis sé an scéal go léir dó; agus an fhaid a bhí an feadhmannach ag déanamh machnamh ar an gceist, Bháiligh an sáirsint na gardai is na bleachtairí le chéile, is thug sé ortu trí gluaisteáin a bheith ullamh chun bóthair.

Ba ghearr go raibh an feadhannach gléasta is plean leagtha amach aige. Raghadh sé féin is an sáirsint is lán na trí ngluaisteán díreach go dtí an áit ina raibh an fear gonta. Bhaileodh sáirsint ó Cuinn - bleachtair a bhí tar éis teacht ó Bhlá Cliath - bhaileodh seisear gardaí isteach ó Roscré ó Dúrlas Éile, agus óna sráidhailte go léir sa cheantar; is gheobhadh sé buíon saighdiúirl ó Luimnigh. Cuardódh siad gach orlach den cheantar, is chuirfeadh siad ceangail ar na bithiúnaigh roimh titim na hoíche, ar ais nó ar éigean.

D'imigh na trí gluaisteáin chun siúil. Bhí an Feadhmannach is an sáirsint is Seamas sa chéad cheann; is tháinig an sagart sa tríú ceann. Stopadh na gluaisteáin tamall ón gcoill bhig inar gonadh Peadar. Scaip na gardaí is na bleachtairí, chun fáinne a dhéanamh mór thimpeall na coille. Chuaigh an Feadhmannach is an sáirsint, is bleachtair is an sagart is Séamas go dtí an áit ina raibh an fear gonta, Séamas a bhí chun tosaigh, á dtreorú; agus bhí Spota, mar ba ghnáthach, lena chois.

Shroich siad an crann dara. Taobh thiar den aitinn a bhí Peadar.....Seo í an Áit .....Á. Tá an áit follamh. Tá Peadar ó Riain imithe:

Bhí an sáirsint Ó Ceallaigh ar buile nuair thug sé fé ndeara nach raibh Peadar ó Riain ins an áit rompu. Bhí sé cinnte go raibh Séamas tar éis bob a bhualadh air arís. Rug sé ar an

mbuachaill. "Féach, a amadain," ar seisean go feargach le Séamas, "cuirfidh mise deireadh le do chuid cleasanna. Isteach sa bheairic a raghaidh tú anois. Tiofadh ciall chugat tar éis cúpla lá a chaiteamh fé ghlas; agus chraith sé Séamas bocht, amhail a chraithfeadh tú madra grana, Ach ar an neomat sin, chrom an bleachtaire a bhí leo síos, agus thug sé gunnón as tor aitinn. Thug sé don bhFeadhmanach é. D'fhéach an feadhmanach air, agus thug sé don sáirsint ,

"An aithníonn tú é?" ars an feadhmanach. D'aithnigh an sáirsint é. Is minic a chonaic sé sé an marc greanamhhar a bhí ar an stoc, ba le Peadar ó Riain é, cinnte. Ligeadh Séamas saor. Ba léir anois go raibh sé tar éis an fhirinne d'insint.

Chuardaigh an cúigear an talamh thart timpeall. Sea. Lorg fir. Lorg fir eile sa talamh bog, iad ag dul í dtreo na coille. Na bithiúnaigh, cinnte. Á. Féach anseo. Lorg an-dhoimhin. Bhí na bithiúnaigh ag iompar ualaigh mhóir. Peadar Ó Riain. Ní raibh dahbt air.

Fén am seo, tháinig buíon saighdiúirí ó Luimnigh. Curadaíodh an choill. Ní raibh éinne ann. Ní raibh fiú lorg coise istigh sa choill, mar bhí an talamh cruaidh clochac. Fuarthas lorg cos in áit bhog in aice na locha ach cailleadh arís é. Cloch a bhí ins an gcuid éile de bhruach an locha san áit sin.

Chaitheadh on lá ar fad ag curadach. Ní raibh poll nó pluais, nó sceach nár cúardaíodh ach ní raibh táisc nó tuairisc le fáil ar na bithiúnaigh.

## An Phluais san Oileán

Bhí Séamas ag curadach chomh maith le duine. Ach sa deireadh, timpeall a sé a cholg um thráthnóna, d'éirigh sé tuirseach, agus shuigh sé síos ar bhruach an locha, ar imeall na coille. Bhí an tóir imithe siar i dtreo an tsléibhe, agus fágadh Séamas leis féin. Bhí ocras air, agus dith sé an píosa aráin a bhí fágtha ina phóca aige, agus thug sé blúire do Spota, a bhí ina luí ag a cosaibh.

Bhí brón agus éadóchas ar an mbuachaill. Bhí sé cinnte nach mbeadh ar chumas éinne anois breith ar na bithiúnaigh agus Seán a shaoradh.

Bhí sé ag féachaint amach ar an loch agus ualach trom ar a chroí. Go hobann, gheit sé. Sheas sé. Rith sé siar cúpla céad slat. Stad sé ag féachaint ar aghaidg oileáin bhig a bhí trí céad slat amach sa loch. D'fhéach sé ar an oileán go géar.

"Oileán na Pluaise," ar seisean leis féin. "Oileán na Pluaise. B'fhéidir go bhfuil an fhírinne sa tsean scéal a deireann go bhfuil pluais ins an oileán sin. Oileán na Pluaise. Má tá ciall ar bith leis an ainm, is fiú cuairt a thabhairt ar an áit," agus bhain sé a chuid éadaigh dhe.

Bhí an snámh go maith ag Séamas, agus ní bheadh sé i bhfad ag snámh amach go dtí an toileán. Chuir sé a chuid éadaigh le chéile agus cheangail sé ar bharr a chinn iad a choimeád tirim; agus isteach leis ins an uisce. Lean Spota é.

Shroich Séamas an t-oileán gan triblóid ar bith. Bhí spota i dtír roimhe. Rith an buachaill síos suas chun é féin a thiormú, agus ansan chuir sé a chuid éadaigh air. Oileán beag is sea Oileán na Pluaise, go bhfuil timpeall dhá acra talmhan ann. Tá an talmh. Garbh, lom, clochach, agus tá cnocán beag i lár an oileáin istigh, agus crainn agus sceachana ag fás timpeall an chnocáin sin.

Rith. Séamas timpeal an oileáin. Ní raibh tada le feiscint a thaispeánadh go raibh éinne ann le fada. Chuardaigh sé gach poll dá raibh le feiscint. Ní raibh tada amhrasach le fáil. Chuaigh sé go dtí an cnocán. Chuardaigh sé é. Ní raibh lorg duine le feiscint in aon áit. Bhí Séamas go mí-shásta, go brónach, agus d'iompaigh sé la dul thar n-ais arís. Ghlaogh sé ar Spota. Ní raibh an madra le feiscint in áit ar bith. Ghlaogh sé arís air. Níor tháinig an madra. Cá raibh sé? Ar thóir coiníní nó francach, i measc na sceachanna a bhí ar an gcnocán.

Rith Séamas isteach arís idir na crannaibh, agus é ag glaoch "Spota. Spota. Tar amach as sin. Spota, Spota, abhaile leat.

Á b'úd é, ag teacht amach as na sceacha. Stad an madra nuair chonaic sé a mháistir. Chorraigh sé a eireaball go mear. Agus rith sé thar n-ais arís isteach i measc na sceach. Bhí Séamas ag éirí feargach. Níor dhein Spota rud mar sin riamh. Mhúinfeadh sé béasaí dhó, agus rith sé i ndiaidh an mhadra, a bhata réidh chun buille abhualadh.

B'úd é Spota, fé chrann darai, é ag scríobadh na talmhan go gnóthach.

"Há, a rógaire," arsa Séamas. "Is fearr leat na coiníní ná do mháistir. Díolfaidh tú as seo;" agus chrom sé síos chun breith ar Spota agus chun léasadh a thabhairt dó.

Ach ní bhfuair Spota aon léasadh an uair sin. Ag cromadh síos do Shéamas chonaic sé rud éigin a chuir an croí ag léimnigh istigh ina ucht.

Cad a chuir croí Shéamais ag léimnigh ina ucht? Chonaic sé leac mhór féna chosa, leach clúdaithe le connlach Is ag taobh na lice seo do bhi Spota ag scríobhadh. Ba léir gur ardódh an leac le gairid, óir bhí an chré bog ag na taobha; agus bhi ciarsúr greamaithe idir an leac is an charraig ina raibh an leac suite, Ciarsúr nach raibh ann ach tamaillín.

Bhí Séamas cinnte anois go raibh pluais fén lic sin. Chuardaigh sé an talamah thart timpeall. Á. Lorg coise. Lorg coise arís: Cad a dhéanfadh sé? Ar cheart dó brostú thar n-ais chiun cabhair d'fháil? B'fhéidir nach raibh aon phluais ann .... Bhféidir go mbeadh gach éine ag magadh fé.

Chuir sé a bhata fá thaobh na lice. D'ardaigh sé an leac go ciúin cúramach léim a chroí suas ina bhéal. Síos fén lic, ag dul síos sa talamh, bhí staighre cloch.

Bhí croí Shéamais ag bualadh anois ar nós inneall traenach, is bhí a lámha ar crith ar nós duilleoige sa ghaoith. Cad ba chóir dó a dhéanamh? Dul síos agus an phluais a chuardach? Nó dul thar n-ais agus cabhair d'fháil ós na gardaí?

Bhí an oíche ag titim. Ní bheadh garda i ngiorracht trí mhíle dhó. Dá dtéadh sé thar n-ais, b'fhéidir go sleamhnódh na bithiúnaigh uaidh.

Bhagair sé ar Spota bheith ciúin. Ghearr sé fioghar na Croise ar féin. Rug sé greim daingin ar a bhata agus síos leis go ciúin, go cúramach, is go heaglach.

Sar a raibh sé imithe síos cúig céim, bhí an áit chomh dubh le pic, is níor fhéad sé tada a fheiscint; ach bhí boladh ait le mothú. Chuaigh sé ar aghaidh go mall ciúin, a chroí ina bhéal aige, a bhata ina lámh dheis, a lámh chlé sinte amach roimhe.

Go hobann mhothaigh sé rud éigin sa tslí. Cúirtín de shaghas éigin bhí ann. Rug sé greim go cúramach ar an gcúirtín agus tharraing sé go ciúin ar leath taobh é. Is beag nár léim a shúile as a cheann le hiontas nuair chonaic sé an radharc a bhi le feiscint istigh.

Bhí Séamas ag féachaint isteach i seomra mór. B'é an chéad rud a thug sé fé ndeara na bord beag garbh adhmaid a bhí i lár an tseomra. Ar an mbord bhí sean-lampa ola agus é ar lasadh go lag. B'shin é ba chúis leis an mboladh ait a mhothaigh Séamas agus é ag dul síos an staighre; agus ina suigh ag an mbord; a cheann ar a lámha; agus é ag srannadh go hárd. Duine de sna bithiúnaigh, agus é ina chodladh.

Ina chodladh bhí sé, cinnte; agus é ar meisce ba dhócha, ór bhí buidéal uisce beatha ar an mbord, nach raibh fágtha ann ach braoinín beag bídeach. Ní raibh an dara fear le feiscint in áit ar bith. Níor chaill Séamas neomat. Thóg sé an lampa ina lámh go ciúin, agus chuardaigh sé an seomra. Fallaí garbh cloch; poill bheaga chun aer a ligint isteach; tuí ar an urlár cloch.

Á rud éigin - duine éigin sa chúinne, ar thaobh, ar thaobh na lámhe clé. Buachaill. Séan. Séan, agus é ina chodladh leis; agus ní hionadh é sin, agus an droch aer a bhí ins an seomra. Dheifriugh Séamas go dtí an buachaill. D'fhéach sé air. Bhí a chosa ceangailte le fainne iarainn a bhí sa talamh, le slabradh iarainn. Bhí glas ar an Slabhradh.

Ó, Cá raibh an eochair? Cá raibh an eochair?

Chuardaigh Séamas an seomra; ach ní raibh aon eochair le fáil. Ach fuair sé rud eile. Fuair sé an bleachtair, Peadar Ó Riain : an fear bocht caite sa chúinne ar thaobh na lámhe deise, ceangal cos agus lámh air, agus é gan cor as.

Bhi Séamas i gcrúachás. Chuaigh sé go dtí Seán arís. Chorraigh sé é. Dhúisigh an buachaill ar an neomat, eagla a Chroí le feiscint ina shúilibh.

Bhagair Séamas air bheith ciúin, gan focal a rá. Ní bréag a rá go raibh ionadh ar Shéan - ionadh agus áthas - Séamas a fheiscint.

Mhinigh Séamas dó conas a tháinig sé féin go dtí an phluais, agus go raibh sé ag iarraidh é a fhuascailt, cheistigh sé Seán faoin mbleachtair, Cheap Seán go raibh sé marbh. Níor chuir Peadar cor as ó tharraing na bithiúnaigh go dtí an phluais é go moch ar maidin.

Dhein Séamas iarracht chun an bleachtair a mhúscailt. Theip air. Bhi buicéad uisce in aice leis an mbord. Chaith sé cuid de ar aghaidh Pheadair. Ní raibh aon mhaitheas ann. Bhí an fear bocht gan cor as. Bhí an t-anam ann, ach ní raibh ann ach san.

An bithiúnach eile? Bhi seisean imithe ó mhaidin sa bhád beag rubéir a bhi acu. Ní raibh fhios ag Seán tada eile.

An eochair chun an slabhradh a oscailt? Cá raibh sé? Sea. Bhí fhios ag Seán cá raibh sé. Bhí sé i bpóca bheist an bhithiúnaigh a bhí ina lui ar an mbord.

D'éalaigh Séamas chuig mo dhuine. Chuir sé a lámh sa phóca. Tharraing sé amach an eochair; ach.....

Ní raibh an t-adh le Séamas. Ag fáil na heochrach dó, leag sé an buidéal, agus dhúisigh an fothram an gadaí. Léim sé ina sheasamh, scanradh is fearg ina shúilibh, agus air sciob sé an ghunnán as a phóca. Nuair thug sé fé ndeara nach raibh ins an áit ach buachaill, gháir sé go feargacha. "Hó, buachaill. buachaill beag deas." ar seisean, agus rug sé ar Shéamas.

"Buachaill beag fiosrach," agus chraith sé Séamas amhail a chraithfeadh madra francach. Bhí scanradh ar Shéamas. Cheap sé go raibh a phort seinnte.

"Cé ta in inéanacht leat? Conas a tháinig to anseo?" do cheistigh an gadaí. Ach cheap Séamas go mbfhearr dhó gan aon rud a rá, agus difhan sé ina thost. Chuir sé sin fearg an domhain ar an ngadaí, agus bhuaill sé Seamas sa leathcheann lena dhorn, agus leag sé ar Phleasc a dhroma é.

Ach má leag, dhíol sé go daor as. Ghlac Spota páirt sa troid ar an neomat sin. Tháinig sé taobh thiar den gadaí, agus bhain sé lán a bhéil as a cheathrúin chlé. Lig an gadaí béic uafásach as, agus diompaigh sé thart chun an madra a mharú lena ghunnán; ach bhuaill sé cos leis i gcoinne stóil, agus leagadh é. Bhuaill sé a cheann ar chloic, agus fágadh é gan aithne gan urlabhra. Ba mhaith an mhaithe do Shéamas é. I bpreib na súl, bhi Seán saor aige, agus bhí na ceangail a bhi ar Sheán ar an ngadaí, agus glas ortha. Ansan dhein sé iarracht eile an bleachtair a mhúscailt, ach theip air arís.

Níor mhór dó brostú as an áit, ar eagla go dtiocfadh an dara gadaí. Rug sé greim ar Sheán, a bhí an-lag fós, agus suas an staighre leo. Thóg Séamas gunnan an ghadaí leis. Lean Spota iad, a eireaball ag corraí go sásta.

Bhi socair acu snámh thar n-ais thar an loch. Bhí snámh ag Seán, agus cé go raibh sé lag, bheadh sé ábalta an turas a dhéanamh le cabhair Shéamas.

Shiúl siad amach as na sceacha. Bhí an dorchadas ag titim agus bhí an áit chomh ciúin leis an reilig. Ní raibh duine le feiscint in áit ar bith. Ní raibh le clos ach monuar an usice ag bualadh go leisciúil i gcoinne na gcloch.

Fan rug Seamas ghreim ar a charaid, agus stad an bheirt. D'fheach Séamas go géar imníoch ar phiosa den loch idir é féin agus an talamh, píosa a bhí chomh dubh le pic. Rud éigin ag corraí? Tá. Níl. Ó, tá. Bád. Bád beag. Bád a bhfuil fear ann; agus an bád sin ag déanamh go mear ar an oileán.

Bhi na buachaillí i mbaol anois. Dá bhfeicfadh an dara gadaí iad, bheadh deireadh leo. Agus ba chinnte go gcuardódh sé gach orlach den oileán mar feicfeadh sé go raibh Seán imithe as an bpluais, is go raibh a chomráid gafa agus gonta.

Cad mar gheall ar an ngunnán a bhí ag Séamas? Ní raibh an buachaill i ndon é d'oibriú; agus dá mbeadh féin, ní raibh sé toilteanach fear a mharú leis.

Ach ba bhuachaill cliste misniúil é Séamas, agus ba ghearr go raibh plean socair aige. Tharraing sé Seán leis go taobh thiar chrann mór agus chuaigh an bheirt acu i bhfolach. Ach ar dtús, chuir Séamas an leac i gcaoi aris.

"Fan ciúin anois, a Sheáin," arsa Séamas lena charaid. "Coimeád greim daingin ar Spota, agus ná lig de fuaim dá laghad a dhéanamh. Fág an bithiúnach fúm-sa."

Bhí radharc acu tríd na sceacha ar an mbithiúnach. Shroich sé an t-oileán. Tháinig sé i dtír. Léim sé amach ar an oileán, agus d'iompar sé an bád aníos as an uisce. D'fhág sé ar an dtalamh tirim í, agus rith sé go tapaidh i dtreo na pluaise.

Shroich sé an leac. D'ardaigh sé i gan féachaint thart, agus síos leis go deifreach.

Rith Séamas go mear ciúin go dtí taobh an phoill, a bhata ina láimh aige. Chuala sé béic árd; agus ansan fuaim coiscéim ag rith aníos an staighre chuige. Rug sé greim láidir Ar an bata..... dha orlach, trí orlaigh ós cion talamh .... Thit an bata, go láidir tapaidh, ar bharr an chinn; agus dimigh an gadaí ina chnapán síos an staighre.

Nior fhan Séamas le torann a chos. Nior fhan sé le toradh a chuid oibre dfeiscint. Tharraing se Seán leis go dtí an bád. chuir sé ar snámh í. Shuigh Seán isteach. Shuigh sé féin isteach. Ansan léim Spota isteach. Rug Séamas ar na maidi rámha, agus níorbh fhada go raibh siad ar an mín-talamh.

Bhi Séamas I gcruachás ceart ansin. Bhí an oiche ann. Ní raibh aon duine sa cheantar. Ní raibh tigh i ngiorracht míle dóibh. Ba léir nach mbeadh Seán i ndon siúl abhaile; agus ní fhéadfadh Séamas é diompar. Níor mhór cabhair d'fháil.



## Spota ag Obair

Sea. Ach conas difhéadfadh sé cabhair dháil? Ní fhéadfadh sé Seán dhágaint ina aonair. B'fhéidir go bhfaigheadh an buachaill bocht bás. B'fhéidir go dtiocfadh an gadaí gur bhuaill Séamás é chuige féin is go snámhfaidh sé anall ón oileán. Sea Bhí Séamas i gcruachás. Bhí buaite air.

Buaite? Ni raibh buaite air fós, Bhí plean nua aige. Raghadh Spota ar lorg cabhrach. Tharraing Séamas píosa páipéar as a phoca. cá raibh a pheann luaidh? Cá raibh sé, Mo léan bhí sé cailte, Ní fhéadfadh sé nóta a scríobh. Ac fan. Chuimhnigh Séamas ar scéal a chuala sé fé fhear a scríobh litir lena fhuil féin.

I bpreib na súil bhí biorán sáite ina láimh ag Séamas. Tháinig braon fola; agus ag úsáid an bhioráin mar pheann scríobh an buachaill an nóta seo:

"Mise agus Seán in aice le Oileán na Pluaise. Brostaigh le cabhair. Séamas".

Ghlaoigh sé ar Spota, agus chuir sé an nóta fé bhóna an mhadra. Dhein sé deimhin de go raibh píosa den pháipéir le feiscint go soiléir. Ansan chuir sé Spota chun siúil abhaile. I dtosach níor thuig Spota cad a bhí ag teastáil ag a mháistir. Dimigh sé píosa den bhóthar, agus dhill sé. Ach nuair thuig sé cad a bhí le déanamh aige, dimigh sé leis trasna an chnoic ar nós na gaoithe.

Bhí sé timpeall leathuair tar éis a deich a chlog san oíche nuair tháinig máthair Shéamais abhaile on mbaile mór. Sa bheairic a bhí sí, agus í ag iarraidh scéala éigin mar gheall ar a maicín dílis dháil. Bhí sí an-imníoch, ní nach ionadh, nuair nach raibh Séamas ag teacht abhaile. Ach mar is eol díobh, ní raibh fhios ag na gardaí cá raibh Séamas, agus bhí an mháthair bhocht go brónach trom-chríoch, uaigneach.

Is ar éigin do bhí an doras ar oscailt aici nuair a rith Spota isteach chuici, a theanga ar sileadh, agus gearr-anál air. Bhí áthas an domhain ar an mbean-a-ti an madra difheiscint, Léim Spota suas uirthi. Rith sé an doras amach. Rith sé ar ais arís agus léim sé suas ar a `mháistreaís. Ansan rug sé grein ar a ghúna, agus bhí sé ag iarraidh í a tharraingt leis. Cad a bhí ar an madra? cá raibh Séamas? Ó, bhí Séamas i gcontúirt, bhí sé gonta, agus bhí Spota ag iarraidh í..... agus ansan chonaic si an píosa páipéir: Isteach léi go mear go dtí an bheairic, agus ba ghearr go raibh lorraí ag brostu amach ar an mbothar go dtí Oileán na Pluaise.

Bhí Séamas ag feitheamh leis na gardaí agus threoraigh sé iad go dtí an áit ina raibh Seán bocht i laige fós, agus é ag bun faille, ar thaobh na fothana.

D'inis Séamas an scéal go léir don sáirsint. Chuir seisean an lorraí abhaile leis an mbeirt bhuaich agus chuaigh sé féin agus beirt gharda amach go dtí an t-oileán sa bhád ruibéir. Fuair siad an bheirt ghadaí sa phluais, duine acu agus é ag iarraidh na ceangail a bhí air a bhriseadh; an fear eile agus é fós ina chnapán ag bun an staighre. Agus fuair siad an bleachtaire, Peadar Ó Riain, a bhí gonta go mór.

Thug siad an triúir abhaile. Cuireadh an bheirt ghadal i bpríosún. Tá siad ann fós, agus beidh go ceann i bhad, mar cruthaíodh gur minic a d'fhuadaigh siad páisti roimhe sin. Bhí ar an mbleachtaire dul fé scian an dochtúra; ach tá sé ina choir féin arís.

Sea. Agus ba ghearr go raibh Seán slán folláin arís, freisin; agus ní bréag a rá go raibh se féin is a mháthair buíoch do Shéamas, an buachaill cróga a chuir deireadh leis na bithiúnaigh.

Cad mar gheall ar Shéamas? An bhfeiceann tú an tigh mor breá sin ag bun Cnoic Bháin? Is le Séamas agus a mháthair an tigh sin, agus an fheirm mhór atá ag dul leis agus na gairdin móra deasa, agus an gluaisteán breá agus Sea. Is saibhir iad anois, agus tá fhios agaibh cá bhfuair siad an t-airgead.

Is buan na cairde iad Seán agus Séamas bíonn an bheirt acu le chéile i gcónaí agus níl rud is fearr leo ná bheith ag bádóireacht ar an loch sa bhád beag rúibéir a bhíodh ag na bithiúnaigh tráth. Tá meas ag gach duine orthu; agus tá gach fear is bean is páiste san áit morálach as Séamas, ..... An Bleachtair Óg.

## Clann Na hÉireann

Féach! Tá sinne, Clann Na hÉireann  
Teacht le chéile inniu anseo  
Teacht le chéile ar thaobh an tsléibhe  
Mar ba ghnáthach linn fadó.  
Níl aon ghunna ar ár ngualainn  
Níl aon phíce inár lámh -  
M'Anam, d'fheicfí iad go luath linn  
Dá mbeadh Éire ina ngá.

### *Curfá*

*Ar son Éireann táimid bailithe,  
Teacht le chéile ar an sliabh,  
Gan scanradh, gan aon fhaitíos,  
Gan aon eagla, ach roimh Dia.*

Bíonn an Sasanach ró-chraptha,  
Snámhaí bocht gan spreaghadh é,  
Bímís uasal, uaibhreach, láidir,  
Ná bíodh sinn mar iad a Dhé!  
Bímid bródúil as ár nGaeltacht  
Bímíd bródúil asainn féin,  
Pór na hÉireann, sliocht Mhilesius,  
Muintir ghaisciúl uaibhreach, tréan.

### *Curfá*

*Ar son Éireann táimid bailithe,  
Teacht le chéile ar an sliabh,  
Gan scanradh, gan aon fhaitíos,  
Gan aon eagla, ach roimh Dia.*

## Ar An Sean Ród

Greadam Ród, a mhuintir óg is sean,  
Leanam rómhainn le cúnamh rí na bhFeart,  
Nearc 'Nár lamha, is spiorad 'nár gcroí go beo,  
Dílis tréan go dtéam go deireadh an róid.

### *Curfá*

*Ar an Sean-Ród, gluaiseam go mear rómhainn,  
Mar do ghluais ár n-óglaigh tráth,  
Dream an ghlanmheoin, chleachtadh an dea-nós;  
Dream thug glóir dár dtír is cáil.  
Corraigh! Brostaigh! 'Fheara Fáil,  
Seanfir, oigfhir, fir 'dir beag is ard,  
Ar an seanchéim gluaiseam I dtreas,  
Dílis do thír ár sean.*

Seod de thír í, Éire, thuaidh is theas,  
Teora trithe trua mar tá le seal;  
Mian ár gcroí í aonta 'rís i gceart  
Saor go deo gan orlach dí faoi smacht.

### *Curfá*

*Ar an Sean-Ród, gluaiseam go mear rómhainn,  
Mar do ghluais ár n-óglaigh tráth,  
Dream an ghlanmhein, chleachtadh an dea-nós;  
Dream thug glóir dár dtír is cáil.  
Corraigh! Brostaigh! 'Fheara Fáil,  
Seanfir, oigfhir, fir 'dir beag is ard,  
Ar an seanchéim gluaiseam I dtreas,  
Dílis do thír ár sean.*

## Óró Sé do Bheatha 'Bhaile

'Sé do bheatha, a bhean ba léanmhar,  
Do b' é ár gcreach thú bheith i ngéibheann,  
Do dhúiche bhreá i seilbh méirleach,  
Is tú díolta leis na Gallaibh.

### *Cúfra*

*Óró, sé do bheatha 'bhaile,  
Óró, sé do bheatha 'bhaile,  
Óró, sé do bheatha 'bhaile  
Anois ar theacht an tsamhraidh.*

Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile,  
Óglaigh armtha léi mar gharda,  
Gaeil iad féin ní Frainc ná Spáinnigh,  
Is cuirfidh siad ruaig ar Ghallaibh.

### *Cúfra*

*Óró, sé do bheatha 'bhaile,  
Óró, sé do bheatha 'bhaile,  
Óró, sé do bheatha 'bhaile  
Anois ar theacht an tsamhraidh*

A bhúí le Dia na bhFeart go bhfeiceam,  
Mura mbeam beo ina dhiaidh ach seachtain,  
Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch,  
Ag fógairt fáin ar Ghallaibh.

### *Cúfra*

*Óró, sé do bheatha 'bhaile,  
Óró, sé do bheatha 'bhaile,  
Óró, sé do bheatha 'bhaile  
Anois ar theacht an tsamhraidh*

## A Nation Once Again

When boyhood's fire was in my blood  
I read of ancient freemen,  
of Greece and Rome who bravely stood,  
Three hundred men and three men;  
And then I prayed I yet might see  
Our fetters rent in twain,  
And Ireland, long a province, be  
A Nation once again!

*A Nation once again,  
A Nation once again,  
And Ireland, long a province, be  
A Nation once again!*

And from that time, through wildest woe,  
That hope has shone a far light,  
Nor could love's brightest summer glow  
Outshine that solemn starlight;  
It seemed to watch above my head  
In forum, field and fane,  
Its angel voice sang round my bed,  
A Nation once again!

*A Nation once again,  
A Nation once again,  
And Ireland, long a province, be  
A Nation once again!*

It whisper'd too, that freedom's ark  
And service high and holy,  
Would be profaned by feelings dark  
And passions vain or lowly;  
For, Freedom comes from God's right hand,  
And needs a Godly train;  
And righteous men must make our land  
A Nation once again!

*A Nation once again,  
A Nation once again,  
And Ireland, long a province, be  
A Nation once again!*

So, as I grew from boy to man,  
I bent me to that bidding  
My spirit of each selfish plan

And cruel passion ridding;  
For, thus I hoped some day to aid,  
Oh, can such hope be vain?  
When my dear country shall be made  
A Nation once again!

## Nead Na Lachan Sa Mhúta

1.

Nead na' lachan sa mhúta (fá thrí),  
'S cuirfidh mé 'mach ar a' gcuán tú.

*Luinneog: Haigh dí didil dí didil dí  
Haigh dí dí dí déró  
Haighdildí aighdildí aighdildí  
Haigh dí didil dí déró.*

2.

Bhéarfaidh mé currach is criú dhuit (fá thrí),  
'S cuirfidh mé 'mach ar a' gcuán tú.

*Luinneog: Haigh dí didil dí didil dí  
Haigh dí dí dí déró  
Haighdildí aighdildí aighdildí  
Haigh dí didil dí déró.*

3.

Ceannóidh mé slat is dorú dhuit (fá thrí),  
'S cuirfidh mé 'mach ar a' gcuán thú.

*Luinneog: Haigh dí didil dí didil dí  
Haigh dí dí dí déró  
Haighdildí aighdildí aighdildí  
Haigh dí didil dí déró.*

4.

Cuardóidh mé bean agus spré dhuit (fá thrí),  
'S déanfaidh sí steampí 'gus té dhuit.

*Luinneog: Haigh dí didil dí didil dí  
Haigh dí dí dí déró  
Haighdildí aighdildí aighdildí  
Haigh dí didil dí déró.*



# Ó Teighridh Liom

1.

Ó teighridh liom faoin aer gan mhoill,  
Tá 'n ghrian go hárd sa spéir,  
A' rince le meidhir ar chloch is ar aill,  
Ag breith barróg ar bharr na gcoill,  
Tá gáir is ceol ar chroí 's ar bheol,  
Ó teighridh liom faoin aer .

*Curfá:*

*Gheoi hó gheo hó gheo hó,  
Bí aerach meidhreach beo,  
Le spórt agus spraoí,  
Agus ceol id do chroí,  
Gheo hó gheo hó gheo hó.*

2.

Ó teighridh liom go barr an tsléibh  
I bhfad ó bhrón is crá,  
Na héin ríméideach ar an gcraobh,  
An teas go sciéipeach lenár dtaobh,  
Is fíon sa ghaoith a thógann croí.  
Ó teighridh liom a ghrá.

*Curfá:*

*Gheoi hó gheo hó gheo hó,  
Bí aerach meidhreach beo,  
Le spórt agus spraoí,  
Agus ceol id do chroí,  
Gheo hó gheo hó gheo hó.*

3.

Ó teighridh liom ag seoladh ar muir,  
Tá 'n sáile mealltach ciúin,  
Ag bogadh romhainn de shíor ar a bhroinn,  
I gcorrach éasca córach cruinn,  
Is ag deire 'n lae ag filleadh  
Ó teighridh liom a ghrá.

*Curfá:*

*Gheoi hó gheo hó gheo hó,  
Bí aerach meidhreach beo,  
Le spórt agus spraoí,*

*Agus ceol id do chroí,  
Gheo hó gheo hó gheo hó.*

## Glory O! To The Bold Fenian Men

1.

A-down by the glenside I met an old woman,  
A-plucking young nettles, nor saw I was coming;  
I listened awhile to the song she was humming -  
"Glory O! Glory O to the Bold Fenian Men!"

2.

Tis fifty long years since I saw the moon beamin'  
On strong manly forms, on eyes with hope gleamin';  
I see them again, sure, thro' all my sad dreamin' -  
"Glory O! Glory O to the Bold Fenian Men!"

3.

When I was a girl their marchin' and drillin'  
Awoke in the glenside sounds awesome and thrillin'  
They loved poor old Ireland, to die they were willin' -  
"Glory O! Glory O to the Bold Fenian Men!"

4.

Some died by the glenside, some died 'mid the stranger;  
And wise men have told us their cause was a failure;  
But they stood by old Ireland, and never feared danger -  
"Glory O! Glory O to the Bold Fenian Men!"

5.

I passed on my way, God be praised that I met her;  
Be my life long or short I shall never forget her.  
We may have good men, but we'll never have better-  
"Glory O! Glory O to the Bold Fenian Men!"

# Sailing in the Lowlands Low

1.

Dunmore we quitted, Michaelmas gone by,  
Cowhides and wool, and live cargo!  
Twenty young Wild Geese, ready to fly!  
Sailing for the Lowlands Low.

Refrain:

The Lowlands Low, the Lowlands Low,  
Sailing for the Lowlands Low.

2.

Shaun Paor's the skipper,  
From the church of Crook -  
Piery keeps log for his father!  
Crew all from Bannow,  
Fethard and the Hook -  
Sailing in the Lowlands Low!

Refrain:

The Lowlands Low, the Lowlands Low,  
Sailing for the Lowlands Low.

3.

These twenty Wild Geese  
Gave Queen Anne the slip,  
Crossing to Lewey in Flanders:  
He and Jack Malbrook  
Both are in a grip,  
Fighting in the Lowlands Low!

Refrain:

The Lowlands Low, the Lowlands Low,  
Sailing for the Lowlands Low.

4.

Close lay a rover  
Off the Isle of Wight,  
Either a Salee or Saxon!  
Out through a sea mist  
We bade them good night,  
Sailing for the Lowlands Low!

Refrain:

The Lowlands Low, the Lowlands Low,  
Sailing for the Lowlands Low.

5.

Ready with priming  
We'd our galliot gun:  
Muskets and pikes in good order!  
We should be riddled -  
Captives would be none!  
Death! or else the Lowlands Low!

Refrain:

The Lowlands Low, the Lowlands Low,  
Sailing for the Lowlands Low.

6.

Pray, hold Brendan,  
Turk or Algerine,  
Dutchman nor Saxon may sink us!  
We'll bring Geneva  
Rack and Rhenish wine  
Safely from the Lowlands Low!

Refrain:

The Lowlands Low, the Lowlands Low,  
Sailing for the Lowlands Low.

## An tAmhrán Náisiúnta

Curfá:

Sinne Fianna Fáil,  
Atá faoi gheall ag Éirinn,  
Buíon dár slua  
Thar toinn do ráinig chugainn  
Faoi mhóid bheith saor.  
Seantír ár sinsear feasta  
Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill;  
Anocht a théim sa bhearna bhaoil,  
Le gean ar Ghaeil chun báis nó saoil,  
Le gunna-scréach faoi lámhach na bpiléar  
Seo libh canaig' Amhrán na bhFiann.

Seo dhaoibh, a chairde, duan Óglaigh,  
Caithréimeach, bríomhar, cheolmhar.  
Ár dtinte cnámh go buacach táid,  
'S an spéir go mín réaltógach;  
Is fonnmhar faobhrach sinn chun gleo,  
'S go dtiúnmhar glé roimh thíocht don ló,  
Faoi chiúnas caomh na hoíche ar seol,  
Seo libh, canaig' Amhrán na bhFiann.

Curfá:

Sinne Fianna Fáil,  
Atá faoi gheall ag Éirinn,  
Buíon dár slua  
Thar toinn do ráinig chugainn  
Faoi mhóid bheith saor.  
Seantír ár sinsear feasta  
Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill;  
Anocht a théim sa bhearna bhaoil,  
Le gean ar Ghaeil chun báis nó saoil,  
Le gunna-scréach faoi lámhach na bpiléar  
Seo libh canaig' Amhrán na bhFiann.

## An Habit Shirt

Do casadh cailín deas orum, bhí banúil maisiúl gléasta,  
Bhí peidhre gloves is hat' uirthi is Habit Shirt go néata,  
Bhí stocaí lín go greant' uirthi gus fáinní ar a méaraibh,  
'S nuair a thugas-sa "Good morrow" dhi, sé dúirt sí "Thugais t'éithea.

Sé Domhnall cam an faraire is mó le rá in Éirinn,  
Do thug an bhainrion taitneamh dó is cuireadh dó mar chéile,  
An bhean dob fhearr sa chruinne riamh nach bhfuair sí fear in Éirinn,  
Is féach na raibh aon hat' uirthi ná Habit Shirt ar aon chor.

Ó Leig dom féin ded chabaireacht, a thoice bheag gan éifeacht,  
Na tabhair-se aghaidh ar fharaire ' tá i bhfad sa tír gan chéile.  
Féach-s cár gaibh Hercules, Hector agus Caesar,  
'S na mná ní raibh aon hat' orthu, ná Habit Shirt ar aon chor.

# Loch Lomond

1.

By yon bonnie banks and by yon bonnie braes,  
Where the sun shines bright on Loch Lomond,  
Where me and my true love were ever wont to gae  
On the bonnie bonnie banks o' Loch Lomond

*Chorus*

*Oh, ye'll take the high road,  
An' I'll take the low road,  
An' I'll be in Scotland afore ye,  
But me an' my true love,  
Will never meet again,  
On the bonnie, bonnie banks o' Loch Lomond*

2.

I mind when we parted in yon shady glen,  
On the steep, steep side o' Ben Lomond,  
Where in purple hue, the Highland hills we view,  
And the moon looks out from the gloamin' -

*Chorus*

*Oh, ye'll take the high road,  
An' I'll take the low road,  
An' I'll be in Scotland afore ye,  
But me an' my true love,  
Will never meet again,  
On the bonnie, bonnie banks o' Loch Lomond*



# Let Him Go Let Him Tarry

1.

Farewell to cold winter, summer's come at last,  
Nothing I have gained, but my true love I have lost,  
I'll sing and I'll be happy, like the birds upon the tree,  
But since he deceived me, I care no more for he.

*Chorus:*

*Let him go let him tarry, let him sink or let him swim,  
He doesn't care for me and I don't care for him,  
He can go and get another that I hope he will enjoy,  
For I'm going to marry a far nicer boy.*

2.

He wrote me a letter saying he was very bad,  
I sent him back an answer saying I was very glad,  
He wrote me another saying he was well and strong,  
But I care no more about him than the ground he walks upon.

*Chorus:*

*Let him go let him tarry, let him sink or let him swim,  
He doesn't care for me and I don't care for him,  
He can go and get another that I hope he will enjoy,  
For I'm going to marry a far nicer boy.*

3.

Some of his friends they had a very kind wish for me,  
Others of his friends, they could hang me on a tree;  
But soon I'll let them see my love, and soon I'll let them know,  
That I can get a new sweetheart on any ground I go.

*Chorus:*

*Let him go let him tarry, let him sink or let him swim,  
He doesn't care for me and I don't care for him,  
He can go and get another that I hope he will enjoy,  
For I'm going to marry a far nicer boy.*

4.

He can go to his old mother now, and set her mind at ease,  
I hear she is an old, old woman, and very hard to please,  
It's slighting me and talking ill is what she's always done,  
Since I was courting her great big ugly Son.

*Chorus:*

*Let him go let him tarry, let him sink or let him swim,  
He doesn't care for me and I don't care for him,*

*He can go and get another that I hope he will enjoy,  
For I'm going to marry a far nicer boy.*

## Is Maith An Bean Mhuire Mhór

Is maith an bhean Mhuire Mhór,  
Máthair Ard-Rí na Sló Síor,  
Siad a grásta is gnáth lán-  
Bean do chuir fál fó gach tír.

Bean í dá gclaonann ceart,  
Bean is mó neart is brí,  
Bean is buige fá ór dearg,  
Bean le gcoisctear fearg an Rí.

Bean do bheir radharc do dhall,  
Bean is treise thall ar neamh,  
Bean do thóg mo naimhde díom,  
Bean is díon dom ar gach cath.

## Sliabh na Mban

Ní airím véarsa ó lon ná ó chéirseach  
Is ní fhásann féar ins na coillte ceart;  
Níl suim ag an spéirbhean i spórt ná i bpléisiúir  
Ach í ag gol is ag béiceach is ag réabadh bás.  
Á rá gan faothamh, ní bhfaighidh na séimhfhir  
Aon oíche in Éirinn ná uain chun reast,  
Ag an trúp so meirligh is iad ag teacht lena chéile,  
Is go mbuailfear caoch sinn ar Shliabh na mBan.

Is oth liom féinig bualadh an lae úd  
Do dhul ar Ghaeil bhocht is na céadta 'slad  
Mar tá na meirligh ag déanamh géim dinn  
Is a rá nach aon ní leo píc ná slea.  
Níor tháinig ár Major i dtús an lae chugainn  
Is ní rabhamar féinig i gcóir ná i gceart  
Ach mar a seolfi aoireacht bo dtí an aonach  
Ar thaobh na gréine de Shliabh na mBan.

Mo léan léir ar an dream gan éifeacht  
Nár fhan le héirim istoíche is stad  
Go mbeadh dúthaí Déiseach is iarthar Éireann  
Ag teacht le chéile ón tír aneas.  
Go mheadh á gcampaí déanta le fórsaí tréana  
'gus cunamh Dé linn sa tsaol ar fad  
Is ní dhíolfadh meirleach de Mhuintir Néill sinn  
Is bhuafaí an réim linn ar Shliabh na mBan.

Is é Ros do bhreogh is do chloígh go deo sinn,  
Mar ar fágadh mórchuid dinn sínte lag.  
Leanaí óga 'na smóla dóite  
Is an méid a fhan beo dhíobh cois claí nó scairt.  
Ach geallaim féin dhaoibh, an té dhein an foghla,  
Go mbeamna i gcóir dó le píc is le sleá;  
Is go gcuirfeam yeomen ag crith `na mbróga,  
Ag díol a gcomhair leo ar Shliabh na mBan.

Tá an cóbaigh mhóra ag iarraidh eolais,  
Tá an aimsir óg is an chabhair ag teacht;  
An Té mhill na gnótha is É a leigheasfaidh fós iad,  
Is ní dhíolfam feirling leo, cíos ná slea  
Píosa coróineach, an chuid ba mhó dhe,  
Luach éiric bó nó teaghlach deas,  
Beidh rince ar bhóithre is soilse á ndó 'gainn,  
Beidh meidhir is mórtas ar Shliabh na mBan.

Is mó fear aosta is crobhaire gléigeal  
Ó am go chéile a chuaigh thar lear,  
A bhfuil cordaí caola ag baint lúth a ngéag díobh,  
I ndoinsíúin dhaora go doimhin faoi ghlas.  
Gardaí taobh leo ná leomhfadh sméid' orthu,  
Go ndéanfadh plé dhóibh i dtírtha thar lear;  
Á dtabhairt saor óna namhaid gan bhuíochas,  
In am an tsaothair ar Shliabh na mBan.

Is tá an Francach faobhrach is an loingeas gléasta,  
Le cranna géara acu ar muir le seal;  
'Sé an síorscéal go bhfuil a dtriall ar Éirinn,  
Is go gcuirfid Gaeil bhocht arís 'na gceart.  
Dá mba dhóigh liom féiniggo mb'fhíor an scéal úd,  
Bheadh mo chroí chomh héadrom le lon ar sceach.  
Go mbeadh claoite ar mheirligh, is an adharc dá séideadh,  
Ar thaobh na gréine de Shliabh na mBan.

## Na Connerys

A Choimín mhallaithe, gúimse deacair ort agus gráin Mhic Dé  
' S ar an ngasra úd atá ceangailte go dlúth le do thaobh  
Mar is sibh do dhearbhaigh i láthar Choistealaigh ar na triúir fear séimh  
' S a chuir na Connerys thar na farraigí go dtí's na New South Wales

An té a bheadh ina sheasamh ann 's a dhéanfadh macnamh ar ár gcúis a phlé  
Mar do sheasaigh sí óna seacht ar maidin go dtí tar éis a naoi  
Do chrith an talamh fúinn le linn a labhartha á dtabhairt sa mbréag  
Is mo ghraidhin é an t-anam bocht, tá sé damanta más fíor don chléir

Tá jaicéad gairid á dhéanamh ó mhaidin dúinn is triús dá réir  
Culaith farraige, ní nár thathaíomar i dtúis ár saol  
Murach feabhas ár gcarad bhí ar muinéil cnagaithe is sinn go domhin san saol  
Nó gur casadh sinn chun téarma a chaitheamh ins na New South Wales  
A bhanríonn bheannaithe 's rí na bhfalitheas nGeal, tabhair fuscailt orain araon  
' S ar an mbanalatra atá sa bhaile go dubhach inár ndiadh  
Le linn an aifrinn bídh ag agallamh is ag guí chun Dé  
Ar na Connerys a thabhairt saor abhaile chugainn ós New South Wales.

## Iníon an Fhaoit' ón nGleann

Maidin cheoch nuair a d'éiríos,  
'S do ghabhas-sa amach na coillte  
'S ansiúd do bhail an treaghd mé,  
Ná leigheasfar, faraoir,  
Do chuala an bhruinneall mheidhreach  
I lúb na coille ag éisteacht,  
Is do las mo chroí le graidhin di  
Nó gur dheabhean dom í.

Siúil a chuid, bí ag gluaiseacht,  
Gan scíth, gan stad, gan fuaradh,  
Tá an oíche ghairid shamhraidh ann  
Is béam araon ag siúl  
ceol aoibhneas bailtí móra  
Is radharc lem thaobh ar chuanta,  
'S a Chríost nach róbhreá an uain í  
Le hiníon an Fhaoit' ón nGleann.

'S dá mbeinnse lá breá gréine  
Im shuí ar bheinn an tsléibhe amuigh,  
An lon dubh is an chéirseach  
Ag seinniúint ós mo cheann,  
Ba dheas do scríobhfainn véarsa  
Is b'ionadh leo mar a léifinn,  
I ngrá a bheith suite taobh leat  
Iníon an Fhaoit' ón nGleann.  
Táimse lán de náire  
Tré gach beart dá ndearna,

Mar is buachaill mé a bhí dána  
Nó gur chaill mé mo chiall,  
Ach ní beo mé mí ná ráithe  
Muna bhfaighidh mé póg is grá uait,  
Agus fáilte chaoin ód chárde,  
Iníon an Fhaoit' ón nGleann

## Is a Mhaimí Nach tú an Cladhaire

Is a mhaimí nach tú an cladhaire nár dh'insigh dom dhaidí i dtráth  
Go rabhasa breoite tinn agus mé millte le darta grá,  
Go mbím san oíche ag taidhreamh gur im mhaighdean le fada atháim-  
's mara bhfaighfear fear gan mhoill dom gur deimhneach go raghad 'om bá!

A Mhaimi bíse foighneach 's ní bhfaighidh tú aon fhear go fóill-  
Tá an cíós ag glooch gan mhoill orainn 's gan poinn againn le cur 'na chomhair,  
Tá broid agus ceant gach ló orainn - ár ngabháltachas ró-bheag go deo,  
Tá t'atháir bocht drochshláinteach 's an máistir ró-dhian go deo.

A mhaimí bíse tuisceanach do dhuine bheadh i bpian mar atháim-  
Tá plámás míle duine ionat is ní thuigeann tusa trian mo chás,  
Dá gcuirfinn mo scéal i dtuiscint duit cár bh ionadh leat go raghainn 'om bhá?  
's mara bhfaighfear fear fé Inid dom bead curtha sul dá dtiocfa' an Cháisc.

Agus fain go bhfaighidh mé húda dhuit gúna agus parasól,  
Handerchief trí chúinne a mbeidh súile ann den bhfaisean nua,  
Cuir búcláí id bhróga agus teannfaidh siad do chois i gcóir  
Agus gheobhaidh tú buachaill ceansa gan amhras a chailín óig.

Nach maith a fuaireabhar fear do Shíle a raibh caoire aige agus ba go  
leor, Ní bhfaighinnse an gamhainín buí uaibh 'á laghad é ná lua' na mbróg,  
Tá an habit shirt gan ní le trí mhí agam de dheasca' soap,  
Is mar a mheasaim sin ní bhfaighidh mé uaibh saibhreas ná fear go deo.



## Mise 'Gus Máire

Táimse gus Máire go sásta 'nar naigne  
ó nascadh i bpáirt sinn ag an altóir ró-bheanaithe  
Thug sise grá thar cáirde 's thar fearaibh dhom  
thógas ar láimh í 'sgo bráth brách, ní scarfamid

Bímse ag seint cheoil poirtini: beil agam  
Rex fol di o rex fol di aigh dedil aigh di.

Ta mo theaghlach san áit is fearr ar an mbaile seo  
i bPáirc an tSruthain a sharaionn cead acra  
Cruithneacht ag fás chomh hard leis na clath'cha  
's me ' feitheamh an lá go bheicfidh mé aibí é

Ta torhtai ag fás sa gháirdín go slachtaithe  
úlla spiunáin agus cuiríni dearga  
Siúicre i mála le raithe go taiscithe  
chun subh is misleáin don bhab is don bhanaltra.

Mò chéilese Máire an stáidbhean mhodháil mhaisiuil  
ag faire 'n chliabháin is an, paiste'r sheascaireacht  
Stoca 'na láimh is na bioráin innte ag preabarnaigh  
is ag cniotail is ag, crónán don leanabhín  
'Se mo ghuí chun an ÁirdMhic a grásta scaip'orainn  
'S go leanfaidh an, tadh san gan gatar gan easba orainn  
Nuair a thiocfaidh Lá an Áirimh ar mhaghaibh úd jasapheth  
go dtóga Sé ár láimh sinn anairde go Parrthas  
Beadsa ag seint cheoil poirtini béil agam  
Rex fol di o rex fol di aich dedil aich di

## A Rí Na Glóire

A Rí na Glóire is mo daonnacht coimirce m'anama maidin is oiche ort.  
Achainim thú a Rí na Rithe sloite aingeal is aspal naofa.

A Athair a Mhic 's a Spioraid Naofa bíse mar gharda ar gach taoibh díom.

Mar shaor tú an gadaí ar an gcrois cheasta saor me an peacach a Chroú na Féile.  
Mar shaor tú Pól, a bhí ad dhibirt, o ghlasaibh an diabhair ina shoitheach naofa

Gidh nar thuill mé tú dho mo chaomhnadh a Dhia do chruthaigh Flaitheas is tíortha.  
As gleann na ndeor so saor mé a Rí dhil mar shaorais Abraham is Iosaif Naofa.

Ní dheaghaidh do ghlóirese fós i dtraochadh is ionann inniu is aréir is inné thu.  
An uair seo anois is tré shaol na saol Is ortsa féin'chuirim m'impí déanach.

## Ar nAthair (as "Aithri Sheain De Horda)

Ar nAthair atá ins na Flaithis go hard go naof(a) thar trath t'Ainmse  
Go dtigidh do ríocht do thoil ar an saol mar a déantar i Crich Pharrthais  
Ar narán laethiúil tabhairse dhuinn is maith dhúinn ar gcionnta ainbhfis  
Mar a mhaithimid do chách 's na leig sinn i dtlas ach saor sinn ó bhás anobaidh.

A Mhuire atá lan de thuile na ngrás tá an Tiarna grá maille leat  
Is beannaithe atair ins na Flaithis thar mhná go naofthar trath t'ainmse  
Is taitheamhach an radharc é toradh do bhroinne Íosa da roinn eadrainn  
Anois agus riamh 's i nam ar bpian go rabhair ó Dhía ag seasamh dúinn.

## Aréir is mé ag machnamh

Aréir is mé ag machnamh ar Íosa mac m'Athar  
A daoradh le peannaid go tréithlag sa Pháis,  
A raibh a mhíneas á ghearradh le sciúirsí go daingean  
Ar an daorchrois á cheangal Dé hAoine chun báis,  
A Íosa, a mhic Mhuire, saor sinn ón tine,  
'S ná scaoil sa choire géar sinn go bráth,  
Is de réir mar a thuigim do dhlí-se gur bhriseas,  
Lem smaointe, lem choirthibh is nach éachtach é ár gcás.

A mhéirigh is a pheacaigh, atá claon i do labhairt,  
Séan do dhrochbheatha agus géill do Mhac Dáith',  
Is má dhéanfairse seasamh san méid úd do chaitheamh  
Ní baolach do d'anam go bhfaighidh aon drochbhás,  
A Mháire is a bhruinneall, gráim tú lem chumann,  
Soláthar dom ionad i bhfochair Rí Geal na nGrást,  
Mar a mbíonn ceolta binn á seinm, glóire á ligint  
Do gach n-aon bocht againne; go réití ár gcás.

A Rí Ghil na cruinne, gráim tú le taitneamh,  
Féachaint ar m'anam 's gan é a ligint chun fáin,  
Is ó thraochais an t-allas le d'fhuil naofa ina ceathanna,  
Le haon toil le d'Athair chun an cine daonna a shábháil,  
Bhí na Giúdaigh á ghearradh 's á bhualadh go daingean,  
Ní raibh trua acu ná taise dá nImpire na nGrást,  
Bhí a mháithrín ina aice go dúchroíoch faoi mhairg,  
Is í ag féachaint ar a leanbh a traochadh sa Pháis.

Gach créatúr atá ar buile nár ghéill riamh do Mhuire,  
Lá an tSléibhe nuair a thiochfaidh sea chífidh an t-uafás,  
Blaomfaidh an tine, na sléibhte dá mbriseadh,  
An ghrian uainn ag sileadh 's na réalthainn ar lár,  
Tiochfaidh Micheál Naofa le fuinneamh 's a throimpéad aige á sheinim  
Ag glaoch ar gach n-aon ó thír is ó thráigh,  
Beidh a chlaonbhearta scríte ar chlár éadain gach nduine  
'S a Rí Ghléighil, cuir sinne ar thaobh do dheasláimh'.

## Fáilte Romhat a Rí na nAingeal

Fáilte romhat a Rí na nAingeal,  
Deis do ghlactha, a choirp an Rí;  
Fáilte romhat, a Rí na bhFlaitheas,  
Fóir, a Chríost, gach duine dinn.

Glóir don Athair, don Mhac 's don Naomh-Spioraid;  
Glóir go deo is moladh síor.

Dia do bheatha, a Thiarna Dia,  
Dia is duine thú, a Íosa Chríost;  
Dia do bheatha, 'bhláth is gile,  
Tusa beatha chách go fíor.

Dia do bheatha, 'bhláth na lile,  
'Aon-Mhic Mhuire, a ghin gan smál;  
Dia do bheatha, 'chroí is glaine,  
D'fhuascail sinn led chrois 's led pháis.

## An Binsín Luachra

Bhíos-sa maidin shamhraidh ag góilt síos trí Chontae an Chláir  
Agus éanlaith coille ag labhairt liom ar an gcrann is iad ag siúinseáil,  
Sea do chasadh liomsa an ansacht ba bhreátha is ba dheise snua,  
'Gus thugas searc is greann di, i dtaobh m'amhrais sí bláth na n-úll.

Maidin aoibhinn uaibhreach ar bhruach na coille glaise breá,  
Is mo ghadhair le m'ais ag gluaiseacht go huasal is mo ghunna im láimh,  
Sea do dhearcas chughamsa stuairín na gruaige finne is an bhrollaigh bháin,  
Agus ábhar an bhinse buainte aici den luachair ba ghlaise fás.

'S do dh'fhéachas ar na cuanta agus bhí ann uaigneas agam dar nóin,  
Is do dhruideas suas lem stuairín agus fuaireas uaithi cúpla póg,  
Ach sé dúirt sí liom go huaibhreach, 'Fan suanmhar is ná cuir orm stró,  
'Gus ná scaip mo bhinse luachra tréis a bhfuairéas dá thrioblóid.'  
'Is, a chailín bhig na luachra, dá leagfása do bheart ar lár,  
Ar bhruach na coille craobhaí nó ag éisteacht le fuaim na trá,  
Mar na sagairt ní bhfaighidh scéala air ná éinne eile dá bhfuil san áit,  
Nó go dtiocfaidh an chaint don chéirseach 's go n-iompóidh an Ion dubh bán.

'Ó, cailín deas ab fhearr liom a bheith ar láimh liom thar a bhfeacaíos riamh,  
'Gus dá bpósfainn cailleadh ghránna, mo lánchreach ná mairfinn bliain,  
Ach phósfainn thusa, a ghrá ghil, a chúil fáinneach na dtrioplaí siar,  
Is do bhainfinnse binse breá duit chún álainn is a chonaic tú ariamh.  
'Is, a chailín bhig na luachra, glac suaimhneas agus fan go réidh,  
Mar ní cás duit a bheith chún buartha in uaigneas is tú leat féin,  
Mar má scaip mé do chuid luachra, nach dual go bhfuil mórchuid tar éis,  
Agus bainfeadsa binse mór dhuit agus ualach mar thuilleadh léi.'

Is ba dheas an cailín seomra í um thráthnóna is a bruis 'na láimh,  
Is cár dheise ná crú na mbó í, sí smóilín í an bhrollaigh bháin,  
Do thairringeodh samplaí coróinneach go róbhreá ar éadach cláir,  
Sí searc mo chroí is mo rún í, sí mo stuairín í go bhfaighidh mé bás.

## Ar Éirinn Ní Neosfainn Cé Hí

Aréir is mé ag téarnamh ar neoin  
Ar an dtaobh eile den teora dá mbím,  
Sea do thaobhnaigh an spéirbhean im chomhair  
'Dh'fhág taomanach breoite lag tinn,  
Le haonghean dá méin is dá cló,  
Dá briathra is dá beol tanaí binn,  
Do léimeas faoi dhéin dul 'na comhair  
'S ar Éirinn ní neosfainn cé hí.

Dá ngéillfeadh an spéirbhean dom ghlór  
Is iad ráite mo bheoil a bheadh fíor,  
Go deimhin duit, ná déanfainn do ghnó,  
Do léirchur i gcóir 's i gcrích,  
Do léifinn léirstair dom stór,  
Is ba mhéin liom í a phógadh ó mo chroí,  
Do bhéarfainn an chraobh di ina dóid,  
'S ar Éirinn ní neosfainn cé hí.

A ghrá ghil, bí páirteach liom féin,  
'S go háirithe, dá mb'fhéidir liom scríobh,  
Bheinn ag gáire le bánchnis na gcraobh  
Dá bhfaighinn áirithe ó aoinne cé hí,  
Níl a cairde róshásta liom féin  
Chun áras a dhéanamh ná tíos,  
Ach ó tá sí, de réir ráite do bhéil,  
Ní náir duit a léamh dúinn cé hí.

## Tórramh an bhairille

Sceolfad teastas ar shlóite  
Bhaile Mhic Óda mh aisiúil mhúinte,  
Treoin do chleachtas gach lá gan lagadh orthu,  
Ól gan cheasna gan chúinse;  
Leonta lannamhar ceolmhar greannmhar  
Cumhachtach calma cúntach,  
Is is mór an t-aiteas go deo bheoth eatarthu  
Ar thórramh an bhairille a dhiúgadh.

Stór ní thaiscítear leo go dearfa,  
In ór ná in earra ní chumhdaíd,  
Ach mórchuid beathuisce is beoir in aisce  
Gan speois dá scaipeadh ar an ndúthaigh;  
An dearóil má thagann gan lón 'na spaga  
Do gheobhaidh an casca gan cuntas  
Le hól gan bacadh go bord na maidne  
Ar thórramh an bhairille a dhiúgadh.

Fóna dtearmainn deonach tarraingid  
Foirne dalla gan súile,  
'S is leor do bhacaigh gan treoir go tapaidh  
'Na dhóid gan bata go siúlaid;  
Níl stróinse dealbh ón gCóbh go Caiseal  
Ná fos i bhfearantas Dhubhagáin  
Nach seoltar sealad 'na gcomhair i dtigh tábhairne  
Ar thórramh an bhairille a dhiúgadh.



## Offig Na Seachtaine

A Rí an Domhnaigh tar le cabhair chugham is tóg i nam on bpéin mé  
Rí an Luain ghil bise buan liom is ná lig uaitse féin mé  
Rí na Mairte a Chroí na Páirte doin dionadh La an tSleibhe dhom  
Rí na Ceadoine na fulaing i ngéibhinn mé cé fada om Chaoimhin féin mé

A Rí na Deardaoine maith dhuinn ar bpeacaine ce dheineas do cheart-dli a réabadh  
A Rí na hAoine na coinnigh cuimhne ar mo dhroch-ghníomtha beatha  
A Rí an tSathairn go siorrai achainim mé thabhairt thar acheron caothainn  
Fé dhíon do thearmainn tré riocht an Aifrinn suas go Párrthas Naofa.

## Bruach na Carraige Báine

Is treabhadoir mise do threabhfainn id d'fhuirsinn 's na comharsain go bhfeicid mé threine  
'S níl aon ní ar mo bheim na tuigim is treabhaim gan tuirse go héasca  
An Fomhar nuair a thigeann mo chuid eornan bainim is cuirim go so  
cair am sheomra  
An lár do scriosfainn do bhuailfinn tuille ar bhruach na carraige báine.

Is leanmhar mo thuras le treimhse gan sochart is baolach go gcuirfear chun fair me  
Le gear-shearc don nduine is néata sa chruinne 'chuir ceadta ar uireasba slairte  
Bhí a headan mar luisne na gréine tre chriostal teid eanlaith chun sochart le grá di  
Tagann treinfhir is marcaigh thar treanmhuir da hamharc 'si grian na carraige báine.

B'fhearr liom fein ná Éire mhor is na saibhreas Rí na Spáinne  
Go mbeinnge 'gas tusa a lub na finne i gcoilltibh abhfad ónar gcáirde  
Tusa 'gus mise bheith pósta a stór le haontoil athar is mathar  
A mhaighdean óg is milse póg is tú grian na carraige báine.

## Ainnir Charraig na Siúire.

Ar mo ghabháil dom ar maidin tré Charraig na Siúire  
'S mé ag marcaíocht ar chapall 'dtugas tri fichid punt air.  
Bhí feirc ar mo hata 'gus maidhg agus stiúr air  
'S gurbh'e ráite gach ainnir gur mise rí cúige

Fol de dol 'ol de dol ol de dol ero  
Fol de dol 'ol de dol ol de dol ero  
Fol de dol 'ol de dol ol de dol ero  
Rex fol ol de dol ero.

Do chonnac an ainnir ina seasamh go díreach  
Bhagair sí méar orm is chuasa go dtí í  
Thug sí lei isteach mé 'gus thug sí mug di dhom  
'S nuair a fuair sí ar meisce mé ghoid sí gach phighinn uaim

Tré gharraithe dearga ghlanas an comhgar  
'S mé ag teitheadh o gach ainnir a thagadh am threosa  
Ritheas on gCarraig 's nior bheag é mar iunadh  
Is ní raghainnse thar nais ann da dtugti céad punt dom

## Cailín O Cois tSiúire

Fuire faire druididh am aice bailidh seasaidh go dluth lem thaobh  
Fuire faire druididh am aice cailín o cois tSiúire mé

Rex fol de dural ural addi rex fol de dural ural e  
Rex fol de dural ural addi cailín o cois tSiúire me

Eirigh Eamonn led veidhlin gléasta seintear ríl mear eadrom dúinn  
An "Gearran Bui" go neartmhar tréitheach ceol brea aerach scoth na dtiún.

A Mhór 's a Nuala bi lem ghualainn Brian 'ac Domhnaill is Eoghan Chlann Aodha  
Aiteas liomsa geal-chomhluadar cailín ó cois tSiúire mé

## Seán 's a Bhríste Leathair

Nuair a bhíos i dtús mo shaoil  
'S mé ag éirí suas im leanbh  
Bhí orm gear gach éinne  
Ba mise peata an cheanna  
Nuair a bhíos ag dul sna déagaibh  
